Do Ghnó Féin a Thosú

D'fhéadfadh dúshlán agus spreagadh a bheith ag baint le do ghnó féin a thosú.
Seo a leanas deich gcéim a chabhróidh leat tús a chur le do ghnó féin.

Boird Fiontar
Contae agus Cathrach

Ag tacú leis an bhfiontraíocht áitiúil
www.enterpriseboards.ie

NDP PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA
EUROPEAN UNION STRUCTURAL FUNDS

Faigheann Boird Fiontar na Cathrach agus an Contae maoiniú ó Rialtas na hÉireann agus páirt-mhaoiniú ón Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

1. Bíodh aithne agat ort féin

An féidir leat oibriú ar do chonlán féin?

An féidir leat bheith freagrach?

An mbíonn dearcadh dearfach agat?

2. An bhfuil tú sásta dul sa seans?

Beidh tú ag dul sa seans le do choigiltí airgid agus tú ag cur tús le do ghnó féin. An bhfuil tú ullamh dó sin?

3. Déan taighde ar do mhargadh

Cén margadh atá ann do do tháirge/do sheirbhís?

Cé na custaiméirí a bheadh agat?

Cé na hiomaitheoirí a bheadh agat?

4. Féach ar do riachtanais táirgíochta - áitreabh, meaisínre agus saothar

Cá mbeidh an fiontar lonnaithe?

Cé na rudaí ar chóir machnamh orthu agus áitreabh á roghnú agat?

Cén meaisínre a bheidh de dhíth ort?

An mbeidh oiliúint bhreise de dhíth ar fhostaithe sula dtosóidh siad ar an obair?

5. Déan amach na costais iomlán a bheidh ort

Cé na costais a bhainfidh le háitreabh/trealamh caipitil a cheannach?

Cé na costais saothair a bheidh ort?

Cé na costais a bhainfidh leis an táirgíocht?

6. Déan do phraghas díola a mheas agus pleanáil an bealach a mbainfidh tú díolacháin amach

Agus na fachtóirí thuas á nglacadh san áireamh agat, déan do phraghas díola a mheas.

Cé hiad/cá bhfuil do spriocmhargadh (áitiúil/ náisiúnta)?

Cén tslí a ndéanfaidh tú poiblíocht ar d'fhiontar?

Cé na bealaí dáiliúcháin a bheidh in úsáid agat?

7. Déan cinneadh faoi chreat dlíthiúil do ghnó/seiceáil aon reachtaíocht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ort

Cén struchtúr gnó a úsáidfidh an fiontar – trádálaí aonair, comhpháirtíocht, cuideachta teoranta?

An bhfuil ainm do ghnó cláraithe le clár na n-ainmneacha gnó? (www.cro.ie)

An bhfuil tú cláraithe mar dhuine atá féinfhostaithe?

An bhfuil cur amach agat ar na hoibleagáidí atá ort mar fhostóir?

An bhfuil cur amach agat ar na hoibleagáidí cánach atá ort (Ioncam agus CBL)?

8. Seiceáil foinsí do chuid ábhar/soláthairtí, an fáil a bheidh orthu agus an costas a bheidh orthu

Cá háit is féidir na hamhábhair a cheannach? An bhfuil meastacháin faighte agat ó roinnt soláthróirí poitéinsiúla?

9. Cé na riachtanais airgeadais/ infheistíochta atá agat san iomlán?

Conas a dhéanfaidh tú maoiniú ar an tionscadal (infheistíocht phearsanta, cúnamh deontais, iasacht)?

10. Cuir Plean Gnó le chéile

Trí úsáid a bhaint as an teimpléad againne nó as teimpléad eile, breac gach eolas tábhachtach síos ar pár – bí réalaíoch agus leag síos spriocanna bun aithe ar an taighde a rinneadh.

An English version of this leaflet is available on request